

# 2019

## SCOLÁIREACHTAÍ Scoil Shamhraidh Chonradh Drámaíochta na hÉireann



Conradh  
Drámaíochta  
Na hÉireann

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Lú



**Create Louth**

Arts Service of Louth County Council

***Is mian le Comhairle Contae Lú tacú le forbairt agus oiliúint daoine aonair agus grúpaí i réimse na drámaíochta. Féadfaidh scaipeadh eolais agus scileanna ar ghrúpaí drámaíochta, amharclanna óige, scoileanna, agus clubanna agus eagraíochtaí eile caighdeán a ardú agus líon na rannpháirtithe san fhoirm ealaine seo a mhéadú.***

Níl aon fhoirm iarratais ann don scoláireacht seo. Ba mhór ag Comhairle Contae Lú iarratais a fháil ó dhaoine ar spéis leo cur isteach ar sparánacht a chumasóidh do na daoine a fhaigheann í freastal ar Scoil Shamhraidh Chónaithe Bliantúil an Chonradh Drámaíochta na hÉireann. Beidh fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhí rannpháirteach in amharclannaíocht cheoil agus i gcumainn gheamaireachta, leis.

Sa bhliain 2019, is ag Ollscoil Luimnigh a bheidh an Scoil Shamhraidh idir 27 Iúil go 3 Lúnasa, 2019. Beidh roinnt cúrsaí ar fáil, agus gach ceann acu á theagasc de chuid cleachtóir gairmiúil amharclainne.

Clúdóidh an scoláireacht iostas singil le háiseanna en-suite, béilí agus teagasc. Ní chlúdófar costais taistil.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór don iarrthóir na nithe seo a leanas a chur chuig Comhairle Contae Lú.

- (a) Curriculum Vitae cothrom le dáta a léiríonn taithí an iarrthóra ar an drámaíocht, nó ar a bheith rannpháirteach in obair óige nó in obair phobail.
- (b) Lítir shínithe ag cur isteach ar an sparánacht, a mhíníonn an tslí a rachadh an scoláireacht chun tairbhe an iarrthóra, nó grúpa ar leith.

Is féidir sonraí maidir leis na cúrsaí atá á dtairiscint a fháil ar láithreán gréasáin CDnahÉ ag [www.dli.ie](http://www.dli.ie)

Forchoimeádann Comhairle Contae Lú an ceart gan an Sparánacht a bhronnadh, má chreideann sé gur mar seo ab fhearr a d'fhónfaí do leasa an Comhairle Contae, an Sparánacht agus na n-iarrthóirí.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith 18 mbliana nó os a chionn an 31 Eanáir 2019.

Glacfar le hiarratais suas go dtí 4.00 tráthnóna, Déardaoin, an 28 Márta, 2019.

Ní mór gach iarratas, beag beann ar sheoladh an iarrthóra i gContae Lú, a chur chuig: An Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Contae Lú. A91 KFW6